Tuarascáil 2009

maidir le

Comhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 maidir le Daoine atá faoi Mhíchumas a Fhostú sa tSeirbhís Phoiblí

chuig

An tUas. Alan Shatter, T.D an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tá an Tuarascáil seo arna chur i láthair ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 15(6) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, mar a cuireadh isteach le halt 50(2) den Acht um Míchumas.

Clár na nÁbhar

1. Príomhthorthaí le haghaidh 2009 ..... - 3 -

Réamhrá ..... - 3 -

Mórcheisteanna sonraí ..... - 4 -

Príomhthorthaí ..... - 4 -

Neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht ..... - 7 -

Tuarascálacha ó na Coistí Monatóireachta ..... - 8 -

Conclúid ..... - 9 -

2. Anailís shonrach ar shonraí le haghaidh 2009 ..... - 10 -

Réamhrá ..... - 10 -

Na sonraí ..... - 10 -

1. Cineálacha Comhlachta Earnála Poiblí ..... - 10 -

2. Méid na gcomhlachtaí poiblí ..... - 13 -

3. Míniú ar athruithe ó 2008 i leith ..... - 14 -

Conclúid ..... - 16 -

Aguisín A 18

Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3% 18

Aguisín B 28

Comhlachtaí a sheol Áireamh Foirne don bhliain 2008 agus rátaí freagartha 28

Aguisín C ..... - 30 -

1. Príomhthorthaí le haghaidh 2009

Réamhrá

Leagann Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005 ("an tAcht") amach na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí na seirbhíse poiblí maidir le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú.

Tá trí riachtanas idirnasctha ann. Ar an gcéad dul síos, ní mór do chomhlachtaí poiblí, chomh fada agus atá sé infheidhmithe, gach beart a chur i bhfeidhm chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus sin a chur chun cinn. Ar an dara dul síos, ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú, sa chás nach bhfuil fáthanna maithe ann amhlaidh a dhéanamh, go mbeadh 3% ar a laghad dá gcuid fostaithe ann ina ndaoine atá faoi mhíchumas. Ar an tríú dul síos, ar bhonn bliantúil, ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisc a thabhairt do choiste monatóireachta reachtúil ina Máthair-Roinn agus don Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo.

Sa tuarascáil seo cuirtear i láthair faisnéis a fuair an ÚNM i ndáil le 2009 ó choistí monatóireachta bunaithe faoi Chuid 5 den Acht.[1] Is ionann ainmneacha na Rann agus iad siúd a úsáideadh i rith 2009, an tréimhse a chuimsítear sa tuarascáil seo, agus ní léiríonn siad na hainmneacha athraithe agus na freagrachtaí Aireachta fógartha ag an Taoiseach ar an 23 Márta 2010.[2]

Cuireann an ÚNM an bhéim chéanna ar bhearta a bheith ann chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus a chur chun cinn agus an sprioc uimhriúil a bhaint amach.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an dualgas dlíthiúil atá ar an earnáil phoiblí tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus é a chur chin cinn, agus díriú ar sprioc de 3% den fhoireann bheith comhdhéanta de dhaoine atá faoi mhíchumais, i gcás é a bheith mar bheart dearfach do dhaoine atá faoi mhíchumas sa mhargadh fostaíochta reatha, fad agus a bhíonn na deacrachtaí reatha eacnamaíocha agus airgeadais á aithint a chruthaíonn constaicí don earnáil phoiblí. Thaifead an Suirbhé Náisiúnta Míchumais 2006 go raibh daoine faoi mhíchumas fostaithe go díréireach san earnáil phoiblí, agus go n-aithnítear an ról atá ag sprioc na hearnála poiblí ina bhaint amach.[3]

Príomhthoisc in anailís na sonraí do 2009 ná an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí atá i bhfeidhm ó 27 Márta 2009 i leith.[4] Chuir seo srian ar chumas comhlachtaí poiblí an sprioc de 3% a bhaint amach, agus leanfar leis an srian seo, trí dhíriú ar earcaíocht foirne atá faoi mhíchumas. Cé gur tharla roinnt earcaíochta sa bhliain 2009, bhí an líon foirne de 5,235 a fostaíodh ar mhéid ionann is thar ar cheathrú den líon a fostaíodh sa bhliain 2008 (20,341).

---

[1] Alt 48(5)(d), an tAcht um Míchumas 2005

[2] http://debates.oireachtas.ie/DDebate.aspx?F=DAL20100323.xml&Node=H3#H3

[3] Féach Tábla 7.5 suirbhé Náisiúnta Míchumais Iml2. Léirigh seo meastachán de 9,100 duine faoi mhíchumas fostaithe san earnáil phoiblí, i gcomparáid le meastachán de 15,100 san earnáil phríobháideach. Léirigh móráireamh na bliana sin gur san earnáil phríobháideach a bhí 78% den fhostaíocht agus 22% san earnáil phoiblí.

[4] http://www.finance.gov.ie/documents/public%20expenditure/2009/stanletter.pdf

Mórcheisteanna sonraí

Cuimsiú sonraí

Tá cáilíocht na sonraí atá ar fáil don ÚNM tar éis feabhsú bliain i ndiaidh bliana. Nuair a bheidh comhlachtaí poiblí tar éis móráireamh foirne bonnlíne sásúil a reáchtáil, tá an ÚNM tar éis a mholadh gur féidir leis na comhlachtaí sonraí a sholáthar trí stádas míchumais fostaithe atá tar éis teacht isteach nó imeacht ón eagraíocht, nó iad siúd a bhfuil athrú tagtha ar a stádas míchumais, a rianú. Tá sraith ábhar agus foirmeacha eiseamláireacha ceaptha ag an ÚNM chun comhlachtaí poiblí a threorú i gcás móráireamh foirne bonnlíne cuimsitheach a reáchtáil, agus ins na hathruithe rianaithe den bhonnlíne sin dá éis sin.[5]

Níl roinnt comhlachtaí poiblí áirithe tar éis áireamh cuimsitheach dá gcuid foirne atá faoi mhíchumas a bhaint amach go fóill. Mar shampla, bhí na figiúirí sa bhliain 2009 d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an fostóir is mó sa stát san earnáil phoiblí, bunaithe ar áireamh ar thart ar leath dá gcuid foirne, cé go n-admhaítear go bhfuil an chomhréir cuimsithe tar éis méadú beagán ó 2008.[6]

I roinnt cásanna áirithe, tá comhlachtaí poiblí a bhfuil móráireamh sásúil ar a gcuid foirne reáchtáilte acu san am atá thart tar éis móráireamh iomlán breise a reáchtáil le haghaidh 2009, inar baineadh ráta freagartha níos lú amach. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh go mbeadh córas le rianú bliain i ndiaidh bliana tar éis sonraí níos cruinne agus cuimsithí a sholáthar le haghaidh 2009.

Bhí roinnt athruithe ar chuimsiú tuairisceán 2009 i gcomparáid le tuairisceáin 2008. Tá líon beag comhlachtaí poiblí tar éis a bheith corpraithe i máthairghníomhaireachtaí. Bunaíodh comhlacht nua iompair amháin, agus fuarthas tuairisceáin ó líon údarás cuain beag nach ndearnadh tuairisciú orthu sa bhliain 2009. Chuir na tuairisceáin sin ceathrar leis an líon iomlán foirne a bhí faoi mhíchumas i gcomhair 2009.

Míchumas a fhaisnéisiú

Mar a nótáladh i dtuarascálacha eile de chuid an ÚNM maidir le Cuid 5, tá tionchar ag líon na daoine a roghnaíonn gan tuairisciú a dhéanamh go bhfuil siad faoi mhíchumas, ag baint úsáide as na bealaí ábhartha, ar shonraí faoi líon foirne a bhfuil taifeadadh déanta go bhfuil siad faoi mhíchumas. Léiríonn taighde Éireannach agus Eorpach araon go bhfuil sé an-choitianta go mbíonn drogall ar dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu amhlaidh a thuairisciú d'fhostóir Léiríonn taighde chomh maith go méadódh cultúr dearfach bainistíochta agus cultúr dearfach san ionad oibre leis an dealraitheacht go ndéanfaí cásanna a thuairisciú.

Príomhthorthaí

An earnáil phoiblí ag druidim i dtreo na sprice de 3%

Céatadán foriomlán méadaithe ó 2.7% go 2.9%

Tá méadú beag tagtha chomh maithe ar líon agus comhréir na foirne atá tar éis míchumais a thuairisciú sa tseirbhís phoiblí ina iomláine in 2009 i gcomparáid le

[5] Féach http://www.ÚNM.ie/website/ÚNM/cntmgmtnew.nsf/0/A3FA97F7EF093251802573D900393654?OpenDocument

[6] Cuimsíodh 49.4% d'fhoireann FSS i móráireamh foirne 2009, i gcomparáid le 44.8% sa bhliain 2008.

2008, cé go bhfuil laghdú leantach tar éis teacht ar líon iomlán na státseirbhíseach fostaithe idir an dá bhliain. Ar fud na hearnála poiblí go huile, tá comhréir na foirne atá faoi mhíchumas tuairiscithe don ÚNM tar éis méadú ó 2.7% sa bhliain 2008 go 2.9% sa bhliain 2009. Leanann seo an patrún de mhéaduithe breisíocha a tharla ó rinneadh oibleagáid reachtúil de sprioc 3% do na comhlachtaí poiblí ar an 31 Nollaig 2005.

Líon na foirne atá faoi mhíchumas ardaithe 297

B'ionann líon iomlán na bhfostaithe atá faoi mhícumas sa tseirbhís phoiblí tuairiscithe leis an ÚNM le haghaidh 2009 a bhí faoi mhíchumas agus 6,380, méadú de 297 i gcomparáid le figiúr 2008 de 6,083. Tharla seo sa chomhthéacs go bhfuil laghdú tagtha ar líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí poiblí ag tuairisciú faoin Acht ó 228,163 sa bhliain 2008 go 219,653 sa bhliain 2009. Ag cur laghdú na n-uimhreacha sa tseirbhís phoiblí i rith 2009 san áireamh, feictear san iomlán go bhféadfadh nach raibh an tionchar ar dhaoine faoi mhíchumas comhréireach. Déanta na fírinne, tá uimhir ghlan na ndaoine taifeadta atá faoi mhíchumas agus fostaithe san earnáil phoiblí tar éis méadú 4.9% i gcomparáid le laghdú iomlán san fhostaíocht de 3.7%.

Níor bhraith an chuid is mó de chomhlachtaí poiblí mórán nó aon athrú in uimhreacha foirne na bhfostaithe atá faoi mhíchumas i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tharla an méadú ar ghlan-chomhiomlán na n-uimhreacha de bharr méadaithe i roinnt comhlachtaí poiblí ina líon foirne atá faoi mhíchumas, tugtha isteach go páirteach acu siúd a léirigh laghdú. D'fhéadfadh go bhfuil roinnt de na feabhsuithe taifeadta inchurtha le bailiú sonraí níos fearr seachas a bheith i méaduithe bunúsacha in uimhreacha na bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Tháinig laghdú díréireach ar líon na bhfostaithe faoi mhíchumas ins na comhlachtaí sin a léirigh laghdú suntasach.

De bhreis orthu siúd san fhoireann, bhí iomlán de 110 duine faoi mhíchumas i 43 comhlacht poiblí ar thaithí oibre. San áireamh anseo bhí roinn Rann Rialtais, údarás áitiúil agus comhlachtaí poiblí aonair. Ina measc bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ina raibh 15 dhuine faoi mhíchumas ar thaithí oibre; an BSL le 12, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le 9 agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas le 7. Féadann socrúcháin ar thaithí oibre a bheith ina mbealaí iontacha do chomhlachtaí poiblí tacú le fostaíocht daoine atá faoi mhíchumas, go háirithe i gcásanna nuair, de bharr tosca nach bhfuil aon smacht acu orthu ar nós a méid nó bac a bheith orthu foireann lánaimseartha a earcú, nach bhfuil siad in ann an sprioc de 3% a bhaint amach ina ngnáth-fhoireann saothair.

Laghdú beag ar chomhréir na gcomhlachtaí poiblí a bhaineann an sprioc amach

Tháinig laghdú beag ar líon na gcomhlachtaí poiblí a bhain an sprioc de 3% amach nó a ghabh thairsti – 53.5% le haghaidh 2009 i gcomparáid le 55% le haghaidh 2008. An figiúr bhí ann sa bhliain 2007 ná 51%. Ba chóir a thógáil san áireamh, áfach, nach raibh i 64 de na comhlachtaí. a thug tuairisc, nó 22%, ach níos lú ná deichniúr foirne an ceann.

Leanann Ranna Rialtais agus an earnáil phoiblí orthu ag dul i bhfeabhas

Lean na Ranna Rialtais orthu ag dul i bhfeabhas i ndiaidh dóibh an sprioc de 3% a bhaint amach i dteannta a chéile den chéad uair riamh sa bhliain 2008. Ag suimiú na bhfigiúirí le haghaidh 2009, thug 4.2% den fhoireann tuairisc go raibh siad faoi mhíchumas i gcomparáid le 3.9% le haghaidh 2008 (Aguisín A).

Gan na Ranna Rialtais san áireamh, bhí líon foirne de 199,525 fostaí san earnáil phoiblí. Ón uimhir seo tuairiscíodh go raibh 5,528 duine faoi mhíchumas le haghaidh 2009, céatadán de 2.8%, suas 0.3% ó 2008. Rinne an ÚNM iniúchadh ar an meán-chéatadán foirne a bhí faoi mhíchumas in earnálacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí:

- Seirbhís Phoiblí
- Comhlachtaí poiblí a bhfuil státseirbhísigh ag obair iontu
- Rialtas áitiúil
- Tráchtála
- Neamh-thráchtála

Chuaigh gach ceann de na ceithre earnáil seo, má thógtar an comhiomlán, thar an sprioc de 3%. Tá an earnáil neamh-thráchtála, FSS san áireamh, comhdhéanta de thart ar leath na fostaíochta go léir san earnáil phoiblí, tar éis a thuairisciú go bhfuil 2% den fhoireann acu faoi mhíchumas.

An sprioc a bhaint amach i gcomparáid le méid an chomhlachta phoiblí
Tá sé d'acmhainn ag eagraíochtaí móra níos mó daoine atá faoi mhíchumas a fhostú ná eagraíochtaí beaga de bharr a méide agus de bharr na héagsúlachta poist atá ar fáil iontu. Ar an taobh eile de, tá an sprioc de 3% níos deacra ar chomhlachtaí beaga a bhaint amach de bharr a méide amháin. Sna comhlachtaí beaga, tá an céatadán a bhaintear amach ag brath ar dhaoine aonair a fhágann fiú, mura dtarlaíonn go n-earcaítear ball foirne atá faoi mhíchumas ina n-áit.

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, tá os cionn 70% d'fhostaithe na hearnála poiblí a bhfuil tuairisciú déanta acu go bhfuil siad faoi mhíchumas fostaithe in eagraíochtaí le níos mó ná 1,000 ball foirne.

Cé go gcuirimid fáilte mhór roimh an fhostaíocht a chuirtear ar fáil do dhaoine in eagraíochtaí beaga na hearnála poiblí, bíonn tionchar níos mó ag fostú daoine atá faoi mhíchumas ar fhostaíocht fhoriomlán na hearnála poiblí nuair is féidir leis an gcomhlacht poiblí an 3% fostaíochta a bhaint amach. Is ionann comhlachtaí a bhfuil níos lú ná 50 ball foirne iontu agus 99% d'fhostaíocht na hearnála poiblí.

Bearta chun tacú le fostaíocht agus í a chur chun cinn ag dul i méid
Mar a tharla i mblianta roimh ré, léirigh anailís ar thuairisceáin go bhfuil nasc láidir idir bearta gníomhaíochta dearfacha chun tacú le foireann atá faoi mhíchumas, agus an sprioc 3% a bhaint amach.

An beart is minice a luadh chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus é a chur chun cinn sa bhliain 2009 ná iniúchóireacht deiseanna. Tá méadú beag tar éis teacht ar líon na gcomhlachtaí atá tar éis an beart seo a thuairisciú, suas ó 190 sa bhliain 2008 go 197 sa bhliain 2009. .

Rinneadh taifeadadh ar 184 sampla de chomhlíonadh an chóid chleachtais, i gcomparáid le 169 comhlacht le haghaidh 2008. Tháinig méadú chomh maith ar líon na gcomhlachtaí a rinne tuairisciú go raibh polasaithe foirmiúla á gcur i bhfeidhm acu san ionad oibre i gcás daoine atá faoi mhíchumas a fhostú, suas ó 142 sa bhliain 2008 go 162 sa bhliain 2009. Ar aon dul leis seo, laghdaigh líon na gcomhlachtaí a thug tuairisc go raibh polasaithe dá leithéid á bhforbairt acu ó 23 sa bhliain 2008 go 6 sa bhliain 2009.

Mhéadaigh líon na gcomhlachtaí a thug tuairisc go raibh polasaithe rochtana agus coinneála poist réasúnta i bhfeidhm acu do chomhaltaí foirne faoi mhíchumas ó 65 comhlacht sa bhliain 2008 go 125 sa bhliain 2009.

Bhí 83 comhlacht ann a luaigh go raibh Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine Faoi Mhíchumas, Oifigeach Teagmhála nó Oifigeach Comhionannais acu. Mhéadaigh seo ón 47 a bhí ann sa bhliain 2008.

Mhéadaigh líon na gcomhlachtaí a luaigh go raibh Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas ar fáil acu don fhoireann agus/nó painéil earcaíochta ó 44 le haghaidh 2008 go 61 le haghaidh 2009.

Tá sé soiléir óna bhfuil thuasluaite go bhfuil comhlachtaí ag leanúint orthu ag cur i bhfeidhm beart chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus é a chur chun cinn, agus timpeallachtaí atá fabhrach do mhíchumas a chruthú san ionad oibre. Ní chosnaíonn an-chuid de na bearta seo mórán. Beidh na polasaithe agus na bearta seo ina mbuntáistí don fhoireann atá faoi mhíchumas amach anseo nuair a bheidh comhlachtaí poiblí in ann tosú an athuair ar earcaíocht agus ar fhoireann nua ball foirne atá faoi mhíchumas a thabhairt isteach.

Earcaíocht mar mhodh leis an sprioc seo a bhaint amach
Aithníonn an ÚNM na deacrachtaí a chothaíonn an lánchosc earcaíochta san earnáil phoiblí agus na creataí rialaithe fostaíochta i gcás earcaíocht foirne. De bhreis air sin, ní dhéanann líon suntasach comhlachtaí poiblí earcaíocht a bhfoirne féin a reáchtáil, nó déanann máthairchomhlacht comhaltaí foirne a shannadh dóibh nó a atreorú ó Roinn nó gníomhaireacht eile.

Cé go bhfuil an lánchosc earcaíochta i bhfeidhm ó thosach 2009, agus cé go bhfuil laghdú trí ceathrú tagtha ar earcaíocht i gcomparáid le 2008, is ionann líon na foirne a earcaíodh ag comhlachtaí poiblí agus os cionn 5,000, ionann agus 2.4% den lucht oibre ceann bliana. Na príomhearnálacha inar tharla earcaíocht shuntasach ná Institiúidí Teicneolaíochta, an earnáil sláinte agus an earnáil iompair. I gcásanna áirithe, féadann an cineál poist nó easpa iarrthóirí faoi mhíchumas a bhfuil na buanna nó a bhfuil d'acmhainn acu na poist áirithe sin a dhéanamh a bheith ina bhac i gcás foireann daoine atá faoi mhíchumas a earcú. Thairis sin, molann an ÚNM go ndéanfadh na comhlachtaí poiblí sin atá saor lena gcuid foirne féin a earcú agus a bhfuil ar a ndeis acu earcú, an próiseas earcaíochta a úsáid go gníomhaíoch mar bhealach le haghaidh a thabhairt ar aon sprioceasnamh i gcás an sprioc 3% a bhaint amach, nuair atá sé indéanta.

Neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht

Ar leith ó theip ar thuairisciú,[7] féadann comhlacht poiblí a bheith ag neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht mura ndéanann sé na nithe seo a leanas:

- nuair atá sé infheidhmithe, bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas
- an sprioc 3% a bhaint a amach, ach amháin má bhíonn fáth réasúnta ann ar a mhalairt

[7] Leagann Alt 48(2) amach an oibleagáid atá ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Choiste Meastóireachta ábhartha roimh an 31 Márta maidir lena gcomhlíonadh i gcás Chuid 5 den Acht sa bhliain a chuaigh roimhe

I gceist leis an mheasúnaithe a déantar ar neamhchlíonadh tá gné breithiúnais maidir lena bhfuil infheidhmithe, lena bhfuil réasúnta agus maidir lena bhfuil fáthanna maithe ann ar neamhchomhlíonadh na sprice 3%.

Déanann Alt 49 foráil gur féidir leis an ÚNM, i ndiaidh dul i gcomhar leis an Aire cuí, dul ar thóir faisnéise ó chomhlachtaí poiblí chun comhlíonadh a dhearbhú. Nuair a dearbhaítear nach bhfuil comhlacht poiblí, ag deireadh dhá bhliain as a chéile, tar éis forálacha Chuid 5 a chomhlíonadh, féadann an ÚNM bearta a shonrú ar ghá don chomhlacht sin a chur i bhfeidhm, faoi réir fhaomhadh an Aire chuí.

Leag an ÚNM amach ina thuarascáil na critéir ar ghá a úsáid le measúnú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh.[8] Cuireadh na critéir seo chuig gach ceann de na coistí monatóireachta reachtúla do Chuid 5.

Tá an ÚNM ar an eolas maidir leis an easpa faisnéisithe agus rannpháirtíocht theoranta na foirne go léir sa phróiseas tuairiscithe agus monatóireachta faoi Chuid 5 agus go bhfuil siad ina dtosca arbh fhéidir leo tionchar a bheith acu ar chumas an chomhlachta comhlíonadh na sprice 3% a dhearbhú ina gcuid tuairisceán tuairiscithe. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach tarlaithe i mbailiú sonraí, tá an ÚNM fós buartha nach bhfuil roinnt eagraíochtaí tar éis cumhdach cuimsitheach a bhaint amach dá gcuid foirne chun críocha a dtuairisceán reachtúil a dhéanamh.

Tá comhlachtaí poiblí aitheanta ag an ÚNM a bhí i mbaol measúnaithe foirmiúla neamhchomhlíonta le haghaidh 2007 agus 2008 bunaithe ar na critéir foilsithe seo, agus chuir siad focal scríofa chuig na comhlachtaí poiblí aonair a bhí i gceist ag lorg eolais chun measúnú deiridh a stiúradh. Níor thug roinnt bheag de na comhlachtaí seo míniú sásúil ar a ndrochfheidhmíocht maidir le Cuid 5 do dhá bhliain as a chéile, agus tá an ÚNM tar éis scríobh chucu le raon beart molta chun feabhas a chur ar fheidhmíocht amach anseo sa réimse seo.

Tá gníomhartha eile dá leithéid á ndéanamh maidir le heolas breise a lorg i gcás líon an-bheag comhlachtaí poiblí a tháinig chun solais ó shonraí bunaidh faighte ó rinneadh measúnú orthu toisc a neamhchomhlíonadh sna blianta 2008 agus 2009.

Déantar iarmhairtí na bpróiseas seo a thuairisciú go leithleach don chomhlacht poiblí, don Aire cuí agus don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá sé i gceist ag an ÚNM a bheith ag obair leis an gcoiste monatóireachta cuí agus leis an gcomhlacht poiblí atá i gceist nuair a fheictear go bhfuil mórcheisteanna comhlíonta ann. Má réitítear na mórcheisteanna seo, beidh tionchar dearfach aige ar fheidhmíocht comhlachtaí poiblí faoi Chuid 5 agus feabhsaíonn sé comhlíonadh foriomlán ar fud na hearnála poiblí.

Ar an gcaoi chéanna, féachann an ÚNM le bheith ag obair leis an gcoiste monatóireachta cuí agus leis an gcomhlacht poiblí i gceist i gcás go bhfuil saincheist ann a bhaineann le bailiú sonraí ar saincheist í atá ag dul i bhfeidhm ar na torthaí faighte.

Tuarascálacha ó na Coistí Monatóireachta

In Alt 48 den Acht um Míchumas 2005 leagtar amach an dáta, 30 Meitheamh le go gcuirfeadh na coistí monatóireachta a dtuairisceán faoi bhráid an ÚNM agus faoi

[8] Féach http://www.ÚNM.ie/website/ÚNM/cntmgmtnew.nsf/0/584C604587AEE6BE8025768D00574AFE/$File/PartV_FinalIrish.doc)

bhráid an Aire chuí. Cé gur chlóigh formhór na gcoistí monatóireachta leis an spriocdháta reachtúil sin, nó geall leis, molann an ÚNM do na coistí monatóireachta sin a fhaigheann deacair é bliain i ndiaidh a chéile cloí leis an spriocdháta reachtúil, a gcruinnithe reachtúla a eagrú go maith roimhe ionas gur féidir leo cloí leis. Má faigheann an ÚNM na tuairisceáin seo in am trátha bíonn an tÚdarás féin in ann cloí lena spriocdháta reachtúil faoin Acht, agus tuairisciú don Aire faoin 30 Samhain gach bliain.

Conclúid

Ar an iomlán, tá fostaíocht san earnáil phoiblí, mar atá ar taifead sna tuairisceáin reachtúla a faigheann an ÚNM tar éis 2.9% a shroicheadh, agus seo leanúint den treocht in airde a tharla sa dá bhliain roimh ré. Cé go bhfuil Ranna Rialtais tar éis an chloch mhíle seo a shroicheadh cheana féin, cuireann seo an tseirbhís phoiblí ina iomláine ar tí bhaint amach na sprice 3% den chéad uair ó tugadh isteach an sprioc mar chuóta neamhreachtúil sa bhliain 1977.[9]

I bhfianaise go dtarlaíonn míchumas i mblianta fásta an duine go minic, bíonn daoine faoi mhíchumas níos sine ná an meán, agus tá fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta ann a thugann le fios go bhfágfaidh siad an fhostaíocht go luath. Cé go sáraíonn na méaduithe taifeadta ag gníomhaireachtaí eile an caillteanas comhlán fostaíochta de dhaoine faoi mhíchumas atá ar taifead sa cháipéis seo, ní miste a aithint go bhfuil ríthábhacht ag baint le hiarrachtaí atá ann tacú le daoine faoi mhíchumas atá san earnáil phoiblí cheana féin fanacht san fhostaíocht má táthar chun sciar na foirne faoi mhíchumas san earnáil phoiblí a choinneáil, go háirithe i bhfianaise na srianta ar earcaíocht, a bhfuil an chuma air a mhairfidh feadh i bhfad, agus ag áireamh ghnáth-thimthriall scoir. Tá an tacaíocht sin d'fhoireann faoi mhíchumas ina chroíghné de na dualgais dhlíthiúla faon Acht.

Sa chéad chaibidil eile tá roinnt anailíse níos sonraí ar na sonraí uimhriúla ar tugadh achoimre orthu sa chaibidil seo.

[9] Murphy, C et al, *Employment and Career Progression of People with a Disability in the Irish Civil Service*, IPA 2002: lch14

2. Anailís shonrach ar shonraí le haghaidh 2009

Réamhrá

Na sonraí

Léiríonn na tacair shonraí ó 257 comhlacht poiblí le haghaidh 2009 comhfhórsa saothair de 219,653 duine. As na fostaithe sin, bhí 6,380, nó 2.9% duine, tuairiscithe mar dhaoine faoi mhíchumas, mar atá sainithe san Acht.

Léirigh an sciar foirne faoi mhíchumas feabhsú de 0.2% ar an scéal mar a bhí sa bhliain 2008 tráth a raibh 2.7% d'fhostaithe na hearnála poiblí tuairiscithe mar fhostaithe faoi mhíchumas. Mar sin, d'ainneoin go bhfuil an líon daoine fostaithe san earnáil phoiblí ag titim, bhí méadú, ní hé amháin ar chéatadán na mball foirne a bhí tuairiscithe mar fhostaithe faoi mhíchumas, ach ar an dearbhlíon freisin.

Tábla 1: Dul Chun Cinn i dtreo na Sprice de 3%, 2008 - 2009

	Iomlán Foirne	Foireann faoi mhíchumas	% d'fhoireann faoi mhíchumas
2008	228,163	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
Athrú 2008-2009	-8,510	+297	+0.2%

Mar a tharla i mblianta roimhe sin, is léir, le linn 2009, go raibh éagsúlacht ann ó thaobh na feidhmíochta de i gcoinne na sprice de 3% - idir chineál na heagraíochta agus mhéid na heagraíochta.

1. Cineálacha Comhlachta Earnála Poiblí

1.1 Forléargas

Rinneadh sonraí a bailíodh ó thuairisceáin 2009 a chatagóiriú i gcúig chineál comhlacht poiblí. Ar na comhlachtaí poiblí sin bhí: ranna rialtais; comhlachtaí tráchtála; comhlachtaí poiblí neamhthráchtála; comhlachtaí poiblí le foireann nach státseirbhísigh iad; agus an rialtas áitiúil. Seo a leanas na torthaí ón anailís de réir cineál comhlachta:

Tábla 2: Cineál an Chomhlachta Earnála Poiblí

Cineál an chomhlachta earnála poiblí	Iomlán na Foirne	% den fhórsa earnála poiblí	Iomlán na foirne faoi mhíchumas	% den fhoireann faoi mhíchumas	% de chomhlachtaí ag baint amach na sprice de 3%
Roinn Rialtais	20,128	9.2%	852	4.2%	100%
Comhlacht poiblí le foireann nach státseirbhísigh iad	15,843	7.2%	553	3.5%	53%
Rialtas áitiúil	35,242	16.0%	1,318	3.7%	86%
Comhlachtaí Tráchtála	40,929	18.6%	1,518	3.7%	41%
Comhlachtaí Neamhthráchtála	107,511	49.0%	2,139	2.0%	58%
Iomláin	**219,653**	**100.0%**	**6,380**	**2.9%**	**53.5%**

Léiríonn seo go bhfuil an céatadán d'fhostaithe faoi mhíchumas ag an leibhéal is airde i Ranna Rialtais (4.2%) agus ag an leibhéal is ísle i gcomhlachtaí poiblí neamhthráchtála (2%).

1.2 Ranna Rialtais
I gcás na 15[10] Roinn rialtais bhí 20,000 duine fostaithe sa bhliain 2009 agus astu siúd bhí 852 (4.2%) tuairiscithe mar fhostaithe faoi mhíchumas. Shroich gach roinn an sprioc de 3%, agus bhí torthaí do ranna indibhidiúla sa raon idir 3.1% agus 5.9%. B'ionann an earnáil seo agus 9% d'fhostaíocht na hearnála poiblí agus13% d'fhostaithe faoi mhíchumas.

1.3 Comhlachtaí Tráchtála
Áiríonn an earnáil seo cuideachtaí fuinnimh agus cuideachtaí iompair an stáit. Sa bhliain 2009, bhí 34 tacar sonraí a cuireadh isteach a chuimsigh comhlachtaí tráchtála ina raibh 41,000 duine fostaithe. Astu siúd bhí 1,518 tuairiscithe mar dhaoine faoi mhíchumas, arb ionann é agus 3.7% den fhórsa saothair sna comhlachtaí sin.

B'ionann an earnáil tráchtála agus 19% den fhostaíocht iomlán i gcuideachtaí poiblí agus 23% den fhostaíocht i measc daoine faoi mhíchumas. Seo toradh maith. Tá mandáid tráchtála ag cuideachtaí san earnáil seo, agus de ghnáth bíonn iomaitheoirí acu san earnáil phríobháideach.

É sin ráite, ní raibh gach comhlacht tráchtála ag feidhmiú chomh maith lena chéile. As na 34 cuideachta tráchtála, fostaíonn 14 díobh 3% nó níos mó d'fhoireann faoi mhíchumas, agus tá 20 eile nár shroich an sprioc sin go fóill. Ar na 20 comhlacht nár shroich an sprioc sin de 3% bhí comhlachtaí móra in earnáil an iompair áit a bhfuil sábháilteacht ríthábhachtach ina gcuid oibre agus féadfaidh sin srian a chur ar na comhlachtaí sin foireann faoi mhíchumas a fhostú i róil áirithe. Mar shampla, oibríonn formhór na foirne i ngrúpa cuideachtaí CIE mar thiománaithe.

1.4 Comhlachtaí Neamhthráchtála
Áiríonn an earnáil seo FSS agus comhlachtaí sláinte eile; na hInstitiúidí Teicneolaíochta, comhlachtaí cultúir mar shampla an Gailearaí Náisiúnta, agus comhlachtaí comhairleacha agus rialaitheacha. Ann féin déanann FSS suas dhá thrian den fhostaíocht in earnáil na seirbhíse poiblí.

Fuarthas 126 tacar sonraí ó chomhlachtaí neamhthráchtála ag clúdach 2009. Sna comhlachtaí poiblí seo bhí isteach is amach le 107,000 duine fostaithe agus astu siúd bhí 2,139 duine faoi mhíchumas, nó 2% den fhoireann san earnáil seo. As na comhlachtaí seo níor shroich 75 díobh an sprioc de 3%. Bhí 38 comhlacht ann nár fhosaigh aon fhoireann faoi mhíchumas.

Ba seo an t-aon earnáil nár shroich an sprioc de 3% ar fud na hearnála i gcoitinne. Cé go gcuimsíonn an earnáil seo beagnach leath d'fhostaíocht na hearnála poiblí, níor thaifead sé ach pas beag os cionn aon trian d'oibrithe na hearnála poiblí atá faoi mhíchumas.

[10] Fuarthas 16 thacar sonraí mar go ndéanann an Roinn Cosanta tuairisciú i leith na mball foirne atá fostaithe go díreach leis an Roinn agus maidir leis na baill shibhialtacha foirne atá ag obair leis na Fórsaí Cosanta.

Is dealraitheach gur iad na mórthionchair ar an toradh íseal seo ná céatadán íseal na foirne faoi mhíchumas atá taifeadta ag obair le FSS, chomh maith le céatadáin ísle d'fhoireann faoi mhíchumas atá taifeadta bheith ag obair le hInstitiúidí Teicneolaíochta. I gcás go raibh FSS tar éis an sprioc de 3% a bhaint amach, bheadh an earnáil seo, ina iomláine, tar éis an sprioc a bhaint amach.

Tá FSS ar an gcomhlacht poiblí is mó sa tír, le foireann de bhreis is 72,000 duine. Ba é 1,147 nó 1.6% den fhoireann iomlán, an líon tuairiscithe a bhí fostaithe leis an FSS, bunaithe ar mhóráireamh a rinneadh i measc na foirne, nár shroich ach leath na foirne. Ní miste a lua gur thaifead Ospidéil San Séamas agus Ospidéal Thamhlachta breis is 3% d'fhoireann faoi mhíchumas fostaithe leo, agus i gcás Ospidéal Beaumont bhí an figiúr sin díreach faoi bhun 2.9%. I gcás go raibh ar chumas FSS tuairisciú i ndáil le céatadán níos airde dá fhoireann, seans go mbeidís tar éis a léiriú gur baineadh amach an sprioc de 3%.

Tá an ÚNM tar éis a chomhairliú do FSS móráireamh cuimsitheach a dhéanamh ar a fhórsa oibre chun an stádas ó thaobh míchumais de a fhiosrú, agus ansin ba chóir don eagraíocht clár a bheith acu chun figiúirí a choinneáil maidir le foireann faoi mhíchumas, trí ghluaiseachtaí rianaithe i measc na foirne isteach agus amach as an eagraíocht, agus tarluithe de mhíchumas faighte. Tá sraith ábhar treorach ag an ÚNM chun cúnamh a chur ar fáil maidir leis seo.

1.5 Comhlachtaí poiblí le foireann ar státseirbhísigh iad

Tá 45 tacar sonraí ann do chomhlachtaí poiblí le foireann ar státseirbhísigh iad a tuairiscíodh sa bhliain 2009. Na comhlachtaí atá i gceist anseo ná comhlachtaí cosúil leis na Coimisinéirí Ioncaim, nó an Phríomh-Oifig Staidrimh, nach bhfuil rangaithe mar ranna Rialtais ach a bhfuil a bhfoireann rangaithe mar státseirbhísigh, agus comhlachtaí a dtagann a bhfoireann ó mháthair-roinn Rialtais, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an tÚdarás Comhionannais. D'fhostaigh an earnáil seo isteach is amach le 16,000 duine agus astu siúd bhí 553 (3.5%) taifeadta mar dhaoine faoi mhíchumas. As na 45 comhlacht, níor shroich 20 (44%) an sprioc de 3%. I gcás roinnt mhaith díobh seo bhí siad ina gcomhachtaí thar a bheith beag, le níos lú ná deichniúr fostaithe leo.

San earnáil seo bhí 7% den fhostaíocht fhoriomlán san earnáil poiblí agus bhí 9% d'fhostaithe faoi mhíchumas na hearnála poiblí.

1.6 Earnáil na nÚdarás áitiúil

San earnáil seo áirítear na comhairlí cathrach agus contae. Tá 36 tacar sonraí ann do chomhlachtaí an údaráis áitiúil le haghaidh 2009. D'fhostaigh siad 35,000 duine san iomlán agus astu siúd bhí 1,318 (3.7%) ar taifead mar dhaoine faoi mhíchumas.

I gcás gach údaráis áitiúil, ach amháin ceithre cinn, tuairiscíodh go rabhthas ag sárú na sprice de 3%. Thuairiscigh roinnt de na comhairlí seo saincheisteanna dianseasmhacha maidir le neamhfhaisnéisiú faoi mhíchumas, tá cláir shuntasacha acu go léir chun tacú le foireann atá faoi mhíchumas agus tá siad go léir an-chóngarach do bhaint amach na sprice de 3%. I gcás comhlacht beag amháin ina raibh 13 dhuine fostaithe ní raibh aon fhostaí faoi mhíchumas.

In earnáil na n-údarás áitiúil bhí 16% d'fhostaithe na hearnála poiblí fostaithe agus bhí 20% de na fostaithe faoi mhíchumas fostaithe.

2. Méid na gcomhlachtaí poiblí

2.1 Forléargas

Rinneadh anailís ar na sonraí de réir mhéid na gcomhlachtaí poiblí. Tríd is tríd, an patrún a bhí ann ná go raibh fostú na mball foirne faoi mhíchumas i gcomhréir, ar an iomlán, le fostaíocht fhoriomlán (Tábla 3).

Sa chatagóir is airde méid (breis is 5,000) tá sciar níos ísle d'fhostaithe faoi mhíchumas i gcoibhneas lena mhéid. An chúis atá leis seo ná an líon íseal a baineadh amach sa chomhlacht poiblí aonair amháin is mó, an FSS, ach mar a pléadh, seans gur léiriú seo ar an clúdach cuíosach íseal a bhíonn ann sa mhóráireamh a rinneadh i measc na foirne. I gcomhlachtaí ina bhfostaítear breis is 1,000 ball foirne bhí faoi bhun trí ceathrú de gach duine fostaithe atá faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. I gcomhlachtaí a fhostaíonn breis is 500 duine bhí 88% den líon iomlán duine fostaithe atá faoi mhíchumas.

Tábla 3: Líon na foirne faoi mhíchumas de réir mhéid na heagraíochta

Líon na bhfosaithe	Líon na gcomhlacht poiblí	Iomlán na foirne	% d'fhoireann iomlán na hearnála poiblí	Iomlán na foirne faoi mhíchumas	% d'iomlán fhoireann na hearnála poiblí atá faoi mhíchumas
1-49	125[11]	2,067	0.9%	74	1.2%
50-99	25	1,806	0.8%	48	0.8%
100-499	71	17,332	7.9%	659	10.3%
500-999	34	23,725	10.8%	896	14.0%
1,000-4,999	32	67,115	30.6%	2,090	32.8%
5,000 or more	6	107,608	49.0%	2,613	41.0%
Iomlán	**293**	**219,653**	100.0%	**6,380**	100.0%

Tábla 4: Céatadán na ndaoine fostaithe atá faoi mhíchumas ar fud gach catagóire méide Comhlachta Phoiblí

Líon na bhfostaithe	Líon na gcomhlacht poiblí	Iomlán na foirne	Iomlán na foirne faoi mhíchumas	% den fhoireann faoi mhíchumas
1-49	125	2,067	74	3.6%
50-99	25	1,806	48	2.6%
100-499	71	17,332	659	3.8%
500-999	34	23,725	896	3.8%
1,000-4,999	32	67,115	2,090	3.1%
5,000 or more	6	107,608	2,613	2.4%

[11] Áiríonn an t-iomlán seo 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach indibhidiúil agus san iomlán tá níos lú ná 49 ball foirne ag obair leo

2.2 Comhlachtaí poiblí beaga

Bhí breis is 125 comhlacht poiblí a d'fhostaigh níos lú ná 50 duine. B'ionann iomlán a bhfórsa saothair agus 2,067 agus astu siúd bhí 74 ar taifead mar dhaoine faoi mhíchumas. B'ionann comhlachtaí den méid seo agus 0.9% d'fhoireann na hearnála poiblí agus 1.2% d'fhoireann faoi mhíchumas san earnáil phoiblí.

I gcás 60 comhlacht bhí deichniúr ball foirne nó níos lú fostaithe leo. Tá sé deacair sprioc de 3% a bhaint amach i gcomhlachtaí atá an-bheag, agus beidh éagsúlacht mhór ann sa chéatadán den fhoireann faoi mhíchumas i gcás go bhfuil duine amháin faoi mhíchumas fostaithe nó gan aon duine faoi mhíchumas fostaithe. Ní haon ionadh mar sin nár bhain 86 comhlacht sa chatagóir méide sin amach an sprioc de 3%.

Cibé scéal é, léirigh an earnáil seo an cumas atá ag roinnt comhlachtaí níos lú líon suntasach foirne a fhostú ar baill foirne iad atá faoi mhíchumas, má tá tiomantas acu sa réimse seo. Ar cheann de na comhlachtaí sa chatagóir méide seo, bhí ceann amháin le 8 fostaithe ann a bhí faoi mhíchumas, bhí comhlacht eile ann a d'fhostaithe 5 bhall foirne faoi mhíchumas, d'fhostaigh 3 chomhlacht 4 bhall foirne faoi mhíchumas agus d'fhostaigh ceithre chomhlacht trí bhall foirne an ceann ar fostaithe iad a bhí faoi mhíchumas an ceann.

2.3 Comhlachtaí poiblí móra (breis is 1,000 ball foirne)

Bhí 38 comhlacht ann a d'fhostaigh breis is 1,000 ball foirne. B'ionann a n-iomlán agus isteach is amach le 175,000 agus den mhéid sin tuairiscíodh go raibh 4,703 (2.7%) duine ann faoi mhíchumas. Bhí breis is 40% den fhostaíocht sa chatagóir méide seo le fáil i FSS (72,000)..

Seachas cúpla comhlacht sa chatagóir méide seo a shroich sprioc beagán faoi bhun an 3%, ba iad an príomhghrúpa de na comhlachtaí níos mó seo a bhí go maith faoi bhun an sprioc de 3% ná na hInstitiúidí Teicneolaíochta. É sin ráite, shroich roinnt Institiúidí Teicneolaíochta meánacha, amhail Luimneach agus Leitir Ceanainn an sprioc de 3%, agus shroich Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir pas beag faoi bhun an 3%.

Díriú ar eagraíochtaí níos mó

Cé go bhfáiltítear roimh fheabhsúcháin ar fud gach catagóire méide, tugann an anailís seo le fios go luíonn an fhéidearthacht is mó, ó thaobh cur le líon na ndaoine atá faoi míchumas fostaithe san earnáil phoiblí, leis na comhlachtaí poiblí meánacha agus móra.

3. Míniú ar athruithe ó 2008 i leith

Féadfaidh athruithe i gcéatadán na mball foirne faoi mhíchumas atá fostaithe in eagraíochtaí ar leith bheith thar a bheith íogair d'athruithe san fhostaíocht iomlán (thaifead formhór na gcomhlachtaí poiblí laghdú foriomlán ar líon na mball foirne sa bhliain 2009), agus i gcomhlachtaí beaga tá an céatadán thar a bheith íogair do dhuine nó beirt ag fágáil na heagraíochta. Amharctar san anailís ar na hathruithe taifeadta níos mó i líon na mball foirne, idir mhéaduithe agus laghduithe. Mar a réamh-mheasadh, tharla na hathruithe uimhriúla is mó sna heagraíochtaí níos mó, tríd is tríd.

Athruithe i líon na ndaoine ar taifead a bhí faoi mhíchumas

I gcás formhór na gcomhlachtaí poiblí níor tharla aon athrú, nó tharla athruithe beaga, ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhí fostaithe leo idir 2008 agus 2009. I

gcás roinnt comhlachtaí mhéadaigh an líon foirne faoi mhíchumas, agus i gcás comhlachtaí eile thit an líon sin. I bhformhór na gcásanna, bhí na hathruithe in aon eagraíocht ar leith ina athrú an-bheag.

Tábla 5: Comhlachtaí poiblí ina raibh méaduithe nó laghduithe sa líon daoine faoi mhíchumas a bhí fosaithe leo ó 2008 go 2009

	Líon na gcomhlachtaí poiblí	Athrú comhlán
Méadú	59	+594
Laghdú	74	-297
Gan athrú	117	N/A
Gan tuairisc[12]	7	N/A

Bhí formhór na n-athruithe suntasacha comhchruinnithe i líon beag comhlachtaí poiblí. Thaifead trí cinn déag de chomhlachtaí méaduithe de 10 nó níos mó mball foirne faoi mhíchumas, agus b'ionann seo agus breis is trí ceathrú den ollmhéadú sa líon ar taifead. D'áirigh seo comhlachtaí in earnálacha an iompair agus an fhuinnimh, san earnáil sláinte agus roinnt údarás áitiúil.

Tábla 6: Comhlachtaí poiblí a léirigh méaduithe suntasacha i líon na ndaoine ar taifead a bhí faoi mhíchumas agus a bhí fostaithe ó 2008 go 2009

	% i 2009	Líon i 2009	Athrú i líon ó 2008	Athrú i gcéatadán foirne i rith 2008
Iarnród Éireann	2.3%	102	66	+1.6%
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	1.6%	1,147	59	+0.1%
Bord Ospidéal Adelaide agus na Mí	3.2%	100	52	+1.6%
An Post	4.7%	460	49	+0.5%
Bord Ospidéal San Séamas	3.9%	172	42	+1.0%
Bord Ospidéal Beaumont	2.9%	101	41	+1.2%
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	2.8%	189	40	+0.8%
Bus Éireann	2.3%	59	33	+1.4%
An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	5.9%	106	29	+2.1%
Bord na Móna	2.8%	58	24	+1.0%
Comhairle Contae Dhún na nGall	3.3%	34	16	+1.8%
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	1.0%	28	16	+0.6%
Comhairle Contae Loch Garman	4.8%	42	16	+2.0%

Míniú ar na méaduithe

